Gléaschomharthaí le Géaranna

Téigh suas leathchéim ón ngéar deireanach le teacht ar an ngléas.



Gléaschomhartha G mór: Géar (#) amháin F#. **Leath-thon suas ó F# tá G, sin gléas G.**



Gléaschomhartha D mór: Dhá ghéar – F# agus C#. **Leath-thon suas ó C# tá D, sin gléas D.**



Gléaschomhartha A mór: 3 ghéar F#, C# agus G#. **Leath-thon suas ó G# tá A, sin gléas A.**



Gléaschomhartha E mór: 4 ghéar F#, C#, G# agus D#. **Leath-thon suas ó D# tá E, sin gléas E.**

Gléaschomharthaí le maoil

Téigh go dtí an dara maol deireanach le teacht ar an ngléas.



Gléaschomhartha F mór: Maol amháin Bb.

Gléaschomhartha Bb mór: Dhá mhaol Bb agus Eb. **An dara maol deireanach = Bb, sin gléas Bb.**



Gléaschomhartha Eb mór: 3 mhaol Bb, Eb agus Ab. **An dara maol deireanach = Eb, sin gléas Eb.**



Gléaschomhartha Ab mór: 4 mhaol Bb, Eb, Ab agus Db. An dara maol deireanach = Ab, sin gléas Ab.